


Gníomhaíochtaí Daltaí: Tógáil 20

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Tógáil 20” ar CD an Dalta.

Tógáil 20: Comhthreomharán a thógáil, nuair a thugtar fad na sleasa agus tomhas na n-uillinneacha.



1. Cad atá i gceist le líne chomhthreomhar?

2. Cad atá i gceist le comhthreomharán?

3. Féach ar an gcomhad idirghníomhach Tógáil 20, agus liostaigh na céimeanna chun comhthreomharán a tharraingt nuair a thugtar fad na sleasa agus tomhas na n-uillinneacha.

4. Cé na 3 phíosa eolais a theastaíonn chun comhthreomharán ar leith a tharraingt?

5. Cad a chinneann suíomh an chomhthreomharáin?

6. Tóg comhthreomharán ABCD. Bain úsáid as na céimeanna a ndéantar cur síos orthu sa chomhad idirghníomhach Tógáil 20. Bíodh AB cothrom le 4 cm, bíodh BC cothrom le 5 cm agus bíodh an uillinn ABC cothrom le 60° .